C/2026/3745

10.7.2026

Nuashonrú ar an liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) [1]

(C/2026/3745)

An liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) [2], foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*, tá nuashonrú tráthrialta le fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

LIOSTA DE CHEADANNA CÓNAITHE A EISÍONN NA BALLSTÁIT

AN SPÁINN

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C, C/2025/1859, 25.3.2025

1. **Ceadanna cónaithe a eisítear i gcomhréir leis an bhformáid aonfhoirmeach:**

— *Permiso de residencia expedido a nacionales de terceros países* (Cead cónaithe a eisítear do náisiúnaigh tríú tír)

— Cártaí arna n-eisiúint ón 19 Bealtaine 2020 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1954. Beidh na cártaí bailí go dtí a ndáta éaga.

— *Ceadanna cónaithe arna n-eisiúint do náisiúnaigh tríú tír i gcomhréir le cur chun feidhme Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 (daoine a ndéanann an choinbhleacht san Úcráin difear dóibh).*

N.B.: Na ceadanna cónaithe uile arna n-eisiúint faoi Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 (tairbhithe de chosaint shealadach a ndéanann an choinbhleacht san Úcráin difear dóibh), cuireadh síneadh leo le hOrdú INT/96/2026 agus leanfaidh siad de bheith bailí go dtí an 4 Márta 2027 gan gá a bheith ann le cárta ceada cónaithe nua.

2. **Gach doiciméad eile a eisítear do náisiúnaigh tríú tír atá comhionann le cead cónaithe:**

— *Tarjeta de extranjeros 'régimen comunitario'* (Cárta scéime CE le haghaidh náisiúnaigh eachtracha (a eisítear do ghaolta de chuid saoránach den Aontas)

— Beidh cártaí arna n-eisiúint ón 17 Bealtaine 2010 go dtí 2020 bailí go dtí a ndáta éaga le huastréimhse bhailíochta 10 mbliana.

— Cártaí arna n-eisiúint ó bhí an 19 Bealtaine 2020 ann i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1954.

— *Tarjeta de extranjeros 'estudiante'* (Cárta mic léinn le haghaidh náisiúnaigh eachtracha)

— Cártaí arna n-eisiúint ón 17 Bealtaine 2010 go dtí 2020. Beidh na cártaí bailí go dtí a ndáta éaga.

— Cártaí arna n-eisiúint ó bhí an 19 Bealtaine 2020 ann i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1954.

— *Liosta na ndaoine atá ag glacadh páirt i dturas scoile laistigh den Aontas Eorpach.*

— *Féadfaidh sealbhóirí na gcártaí creidiúnaithe seo a leanas arna n-eisiúint ag an Aireacht Gnóthaí Eachtracha, an Aontais Eorpaigh agus Comhair dul isteach gan víosa: (féach Iarscríbhinn 20).*

[1] Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.
[2] IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

3. **Ceadanna cónaithe a eisítear i nGiobráltar** (de bhun an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le Giobráltar, agus chun na gcríoch dá bhforáiltear sa Chomhaontú sin agus chun na gcríoch sin amháin):

— *Cárta Dearg (Cárta Aitheantais Dearg).*

Arna eisiúint, de réir na faisnéise a chuir údaráis Ghiobráltar ar fáil, do dhaoine a mheasann siad a bhfuil ceart cónaithe buan agus neamhchoinníollach acu i nGiobráltar.

— *Cárta Gorm (Cárta Clárúcháin Sibhialtach Gorm).*

Arna eisiúint, de réir na faisnéise a chuir údaráis Ghiobráltar ar fáil, do náisiúnaigh den Aontas Eorpach, de LEE agus den Eilvéis a bhfuil cónaí orthu i nGiobráltar faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, lena ndeonaítear cónaí agus rochtain ar fhostaíocht.

— *Cárta Maigeanta/Corcra.*

Arna eisiúint, de réir na faisnéise a chuir údaráis Ghiobráltar ar fáil, do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a chuaigh chun cónaí i nGiobráltar tar éis an 31 Nollaig 2020, faoi réir na gcoinníollacha cónaithe is infheidhme.

— *Cárta Glas (Cárta Clárúcháin Sibhialtach Glas).*

Arna eisiúint, de réir na faisnéise a chuir údaráis Ghiobráltar ar fáil, do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu i nGiobráltar, faoi réir na n-údaruithe ábhartha cónaithe nó oibre.

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo

IO C 247, 13.10.2006, lch. 1.

IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.

IO C 153, 6.7.2007, lch. 1.

IO C 164, 18.7.2007, lch. 45

IO C 192, 18.8.2007, lch. 11.

IO C 271, 14.11.2007, lch. 14.

IO C 57, 1.3.2008, lch. 31.

IO C 134, 31.5.2008, lch. 14.

IO C 207, 14.8.2008, lch. 12.

IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.

IO C 3, 8.1.2009, lch. 5.

IO C 64, 19.3.2009, lch. 15.

IO C 198, 22.8.2009, lch. 9.

IO C 239, 6.10.2009, lch. 2.

IO C 298, 8.12.2009, lch. 15.

IO C 308, 18.12.2009, lch. 20.

IO C 35, 12.2.2010, lch. 5.

IO C 82, 30.3.2010, lch. 26.

IO C 103, 22.4.2010, lch. 8.

IO C 108, 7.4.2011, lch. 7.

IO C 157, 27.5.2011, lch. 5.

IO C 201, 8.7.2011, lch. 1.

IO C 216, 22.7.2011, lch. 26.

IO C 283, 27.9.2011, lch. 7.

IO C 199, 7.7.2012, lch. 5.

IO C 214, 20.7.2012, lch. 7.

IO C 298, 4.10.2012, lch. 4.

IO C 51, 22.2.2013, lch. 6.

IO C 75, 14.3.2013, lch. 8.

IO C 77, 15.3.2014, lch. 4.

IO C 118, 17.4.2014, lch. 9.

IO C 200, 28.6.2014, lch. 59.

IO C 304, 9.9.2014, lch. 3.

IO C 390, 5.11.2014, lch. 12.

IO C 210, 26.6.2015, lch. 5.

IO C 286, 29.8.2015, lch. 3.

IO C 151, 28.4.2016, lch. 4.

IO C 16, 18.1.2017, lch. 5.

IO C 69, 4.3.2017, lch. 6.

IO C 94, 25.3.2017, lch. 3.

IO C 297, 8.9.2017, lch. 3.

IO C 343, 13.10.2017, lch. 12.

IO C 100, 16.3.2018, lch. 25.

IO C 144, 25.4.2018, lch. 8.

IO C 173, 22.5.2018, lch. 6.

IO C 222, 26.6.2018, lch. 12.

IO C 248, 16.7.2018, lch. 4.

IO C 269, 31.7.2018, lch. 27.

IO C 345, 27.9.2018, lch. 5.

IO C 27, 22.1.2019, lch. 8.

IO C 31, 25.1. 2019, lch. 5

IO C 34, 28.1.2019, lch. 4.

IO C 46, 5.2.2019, lch. 5.

IO C 330, 6.10.2020, lch. 5.

IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.

IO C 140, 21.4.2021, lch. 2.

IO C 150, 28.4.2021, lch. 5.

IO C 365, 10.9.2021, lch. 3.

IO C 491, 7.12.2021, lch. 5.

IO C 509, 17.12.2021, lch. 10.

IO C 63, 7.2.2022, lch. 6.

IO C 272, 15.7.2022, lch. 4

IO C 304, 9.8.2022, lch. 5.

IO C 393, 13.10.2022, lch. 10.

IO C 72, 28.2.2023, lch. 44.

IO C 274, 3.8.2023, lch. 6.

IO C, C/2023/260, 19.10.2023.

IO C, C/2023/1408, 5.12.2023.

IO C, C/2023/1609, 22.12.2023.

IO C, C/2024/1212, 31.1.2024.

IO C, C/2024/1950, 6.3.2024.

IO C, C/2024/4488, 11.7.2024.

IO C, C/2024/5580, 19.9.2024.

IO C, C/2024/7513, 19.12.2024.

IO C, C/2024/7514, 19.12.2024.

IO C, C/2025/995, 11.2.2025.

IO C, C/2025/1504, 5.3.2025.

IO C, C/2025/1859, 25.3.2025.

IO C, C/2025/2330, 25.4.2025.

IO C, C/2025/3595, 1.7.2025.

IO C, C/2025/4339, 1.8.2025.

IO C, C/2025/5109, 18.9.2025.

IO C, C/2025/5255, 29.9.2025.

IO C, C/2025/6217, 17.11.2025.

IO C, C/2025/6765, 23.12.2025.

IO C, C/2026/1154, 24.2.2026.

IO C, C/2026/3116, 11.6.2026.